



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2012**

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

---

**ARDLEIBHÉAL**

---

**DÉ hAOINE 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

**ROINN B**  
**(220 MARC)**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (CEITHRE) cheist ón roinn seo.  
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**ROINN B**  
**220 MARC**

1. Tá an t-eolas seo a leanas ar taispeánt ar lipéad de Dheoch Caoineoige Torthaí.

***Deoch Caoineoige Torthaí***  
***Úlla agus Caora***

**EOLAS COTHAITHE**  
GDA do dhuine fásta tipiciúil  
Luach tipiciúil do gach 100ml

Fuinneamh	56 kcal	2000kcal
Próitéin	0.4g	
Carbaihiodráit	14.0g	90g
Saill	3.0g	70g
Snáithín	0.6g	35g
Vitimín C	40.0mg	



**COMHÁBHAIR**  
Bainne paistéartha gan bhearradh,  
úlla, sútha craoibhe, sútha talún,  
fraocháin ghorma.

Ceann de do 5 cinn sa lá

*Úsáid laistigh de 2 lá tar éis a bheith oscailte*

- (a) Déan measúnú ar an luach cothaitheach den Deoch Caoineoige Torthaí.
- (b) (i) Cad is brí leis an téarma **bainne gan bhearradh**?
- (ii) Cén fáth a ndéantar bainne a phaistéaradh?
- (c) Mínigh an téarma **GDA**.
- (d) Tá ‘**ceann de do 5 cinn sa lá**’ sa deoch seo.  
Mol bealaí inar féidir le duine fásta an chuid eile de na cúig ghlasra agus thoradh in aghaidh an lae a mholtar a thógáil.
- (e) Ainmnigh **dhá** tháirge bainne, seachas caoineoga, atá ar fáil in ollmhargaí.
- (f) Tabhair **dhá** úsáid do bhainne agus **dhá** úsáid do thorthaí agus bia á ullmhú.
2. (a) Tabhair **trí** chúis a bhfuil tábhacht le bricfeasta.
- (b) Liostaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint agus biachlár bricfeasta á phleanáil.
- (c) (i) Dear **trí** bhiachlár éagsúla atá oiriúnach do dhéagóir atá ag freastal ar scoil.
- (ii) Tabhair cúiseanna le do rogha de bhiachláir.
- (d) Mol **ceithre** threoirlíne bia shláintiúil ba chóir a leanúint chun an riosca um murtall a sheachaint.

3. (a) (i) Cad atá i gceist le tomhaltóir?  
(ii) Tabhair **trí** shampla seirbhísí atá ar fáil do thomhaltóirí.
- (b) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** cheart tomhaltóra agus **ceithre** fhreagracht tomhaltóra.
- (c) (i) Ainmnigh **trí** mhodh íocaíochta is féidir a úsáid agus siopadóireacht á déanamh.  
(ii) Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amhán** a bhaineann le **gach ceann** de na **trí** mhodh íocaíochta atá ainmnithe agat.
- (d) Ainmnigh dlí tomhaltais **amháin** agus luaigh conas a thugann sé cosaint do thomhaltóirí.
4. (a) (i) Tabhair sainmhíniú ar theaghlach.  
(ii) Ainmnigh **trí** chineál teaghlaigh éagsúla agus déan cur síos orthu.
- (b) Luaigh feidhmeanna an teaghlaigh.
- (c) Mol bealaí áirithe ina bhféadfadh éifeacht dhearfach nó éifeacht dhiúltach a bheith ar shaol an teaghlaigh.
- (d) Tabhair samplaí (i) cearta agus (ii) freagrachtaí de bhaill den teaghlach.
- (e) Mínigh na téarmaí (i) *steiréitíopa* agus (ii) *norm*.
5. (a) Liostaigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus seomra suí á phleanáil.
- (b) Tarraing an plean urláir de sheomra suí, agus taispeáin na suíomhanna seo a leanas: (i) an fhuinneog/na fuinneoga, (ii) an doras/na doirse, (iii) an fhoirse teasa, (iv) soilsiú agus (v) troscán.
- (c) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le córas téimh lárnaigh a úsáid sa teach.
- (d) (i) Liostaigh **trí** bhreosla a úsáidtear leis an teach a théamh.  
(ii) Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** cineál breosla atá liostaithe a úsáid.
- (e) Mol **ceithre** bhealach le fuinneamh a shábháil agus an seomra suí á théamh.
6. (a) Liostaigh na treoirí ba chóir a chur san áireamh agus éadaí samhraidh neamhfhoirmiúla á cheannach.
- (b) Ainmnigh fabraic a roghnófa chun barréide shamhraidh neamhfhoirmiúil a dhéanamh agus tabhair **trí** chúis le do rogha.
- (c) Tarraing sceitse den bharréide shamhraidh neamhfhoirmiúil a dhéanfa **agus** déan cur síos uirthi.
- (d) Mol bailchríoch uama a d'fhéadfá a úsáid agus an ball éadaigh seo á dhéanamh agat.
- (e) Cén t-eolas ba chóir a chur san áireamh ar lipéad cúraim a d'fhéadfaí a cheangal leis an mbarréide shamhraidh neamhfhoirmiúil atá déanta agat?

**Leathanach Bán**